

CÉARD IAD NA HÍOCAÍOCHTAÍ CGC ÁTÁ DLITE AR 31 Eanáir, 2015

Méid na cánach atá dlite ar ghnóchain chaipitiúla a rinne tú ar dhiúscairtí sa tréimhse 1 Nollaig 2014 go 31 Nollaig 2014.

DÍOLÚINTÍ/FAOISIMH AGUS RÍOMH NA N-ÍOCAÍOCHTAÍ CGC

Gheobhaidh tú tuilleadh eolais ar dhíolúintí, fhaoisimh agus ríomh na cánach gnóchain caipitiúla sa bhileog 'Treoir maidir le Cáin Ghnóchan Caipitiúil' atá ar fáil ónár suíomh gréasáin www.revenue.ie, nó ónár Seirbhís Fhoirmeacha agus Bhileoga ar Íosghlao 1890 30 67 06 nó ó aon oifig cánach.

AG CUR CGC AR DO THUAIRISCEÁN CÁNACH FÉINMHEASÚNAITHE

Chomh maith le d'íocaíocht, caithfidh tú freisin an gnóchan caipitiúil a áireamh ar do thuairisceán ioncaim bliantúil ar nó roimh 31 Deireadh Fómhair sa bhliain a leanann an bhliain chánach ina dhéantar an diúscairt. Mura bhfuil ort tuairisceán cánach ioncaim a chur isteach de ghnáth, déan do thuairisceán ar ghnóchain chaipitiúla ar Fhoirm CG1. Gheobhaidh tú foirm thuairisceáin ó d'oifig cánach, ónár Seirbhís Fhoirmeacha agus Bhileoga nó ar ár suíomh gréasáin.

AG DÉANAMH ÍOCAÍOCHTA CGC

Caithfear an fhoirm seo a úsáid chun Cáin Ghnóchan Caipitiúil a íoc don tréimse 1 Nollaig 2014 go 31 Nollaig 2014. Comhlánaigh agus cuir ar aghaidh an fhoirm, chomh maith leis an íocaíocht atá dlite, chuig an Ard-Bhailitheoir ag an seoladh thíos. **Tabhair faoi deara nach tuairisceán cánach í an fhoirm seo.** Má chuireann tú isteach an fhoirm seo beidh ort fós an cháin chaipitiúil a thuairisciú mar a luaitear thuas.

Tá sé tábhachtach go n-íocfá an cháin ghnóchan caipitiúil cheart agus go n-íocfá in am trátha í. Mura ndéanann tú amhlaidh, beidh muirir úis i gceist.

SEOLADH FILLTE

Cuir an fhoirm chomhlánaithe seo ar ais le do thoil chomh maith le d'íocaíocht chuig an Ard-Bhailitheoir ag an seoladh seo:

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, Rannán an Ard-Bhailitheora, Teach an tSáirséalaigh, Sráid Phroinséis, Luimneach.

Fiosruithe teileafóin maidir le híocaíochtaí chuig: Íosghlao 1890 20 30 70

DUILLÍN PÁ

Ainm:

Seoladh:

Síniú:

Dáta:

CÁIN GHNÓCHAN CAIPITIÚIL (CGC) B

Uimhir PSP

Gheobhaidh tú d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí ar do Theastas Creidmheasa Cánach

Breac isteach an Cháin Ghnóchan Caipitiúil sa spás iomchuí thíos don tréimhse atá luaite.

Suim na híocaíochta don tréimhse
01/12/14 - 31/12/14

Sláneuro amháin - ná cuir ceint isteach

Cáin Ghnóchan Caipitiúil

FIOSRUITHE

Ní mór aon fhiosrú **maidir le ríomh an dliteanais atá dlite** a chur chuig an Oifig Cánach atá ag déileáil le do chúrsaí cánach. Cuir aon fhiosrú maidir le **híocaíocht** chuig Oifig an Ard-Bhailitheora ag an seoladh thall nó glaoigh ar **1890 20 30 70** nó ríomhphost cg@revenue.ie.

MODHANNA ÍOCAÍOCHTA

Seirbhís Ar-Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS)

Chun mioneolas a fháil ar conas tuairisceáin a chur isteach agus íocaíochtaí a dhéanamh trí Sheirbhís Ar-Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin ag www.revenue.ie nó glaoigh ar **1890 20 11 06**.

Cárta Creidmheasa

Chun sonraí a fháil ar íocaíocht chánach a dhéanamh trí chárta creidmheasa (VISA nó MasterCard), tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim ag www.revenue.ie nó glaoigh ar **1890 22 63 36**.

Seic

• Cuir íocaíochtaí seic leis an *duillín pá comhlánaithe* chuig an Ard-Bhailitheoir ag an seoladh thall.

• Ní mór gach seic a bheith crosáilte agus iníochta leis an Ard-Bhailitheoir.

• Scríobh d'Uimhir PSP freisin ar chúl do sheic.

NÁ SEOL AIRGEAD TIRIM.

TÁBHACHT ÍOCAÍOCHTAÍ TRÁTHÚLA A DHÉANAMH

• Bí cinnte go bhfágann tú go leor ama - trí lá oibre ar a laghad - chun go sroichfidh d'íocaíocht an Ard-Bhailitheoir faoin dáta dlite.

• Gearrfar muirear úis má íoctar cáin go déanach.

• Mura n-íocann tú dliteanas cánach nó mura n-íocann tú in am trátha, is féidir bailiúchán a chur i bhfeidhm tríd an Sirriam, imeachtaí Cúirte nó trí Fhógra Astaithe faoi Alt 1002 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

Baineann costais bhreise le forfheidhmiú, anuas ar aon ús a ghearrtar.
